



Preasráiteas

30 Samhain 2020

SignON- Túschic an Tionscadail

Fuair an tionscadal SignON maoiniú Fís 2020 de €5.6 milliún. Is tionscadal trí bliana stiúraithe ag ADAPT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Éire) chun tabhairt faoi bhearna cumarsáide idir úsáideoirí do theangacha labhartha agus úsáideoirí bodhair do theanga chomharthaíochta. Fuair an cuibhreannas AE de 17 compháirtithe Eorpaigh stiúraithe ag an Ollamh Andy Way, Ollamh le ríomhaireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Éire (comhordaitheoir) agus Dr. Dimitar Shterionov Ollamh cúnta le heolaíocht chognaíoch agus intleacht shaorga in Ollscoil Tilburg san Ísiltír (ceannasaí eolaíoch), an gradam seo chun taighde úrscothach a stiúradh agus réiteach móibíleach d'aistriúchán uathoibríoch a fhorbairt, idir chomhartha agus bhéal, teangacha (scríofa agus labhartha).

Is tionscadal úsáideoirlárnach faoi thionchar an phobail é SignON, ag iarraidh malartú eolais a éascú i measc na bodhar, na daoine faoi allaire agus na daoine le héisteacht mhaith timpeall na hEorpa. Díríonn sé ar na hÉireannaigh, na Breataine, na hÍsiltírigh, na Pléimeannaigh, Teanga Chomharthaíochta na Spáinne agus Béarla agus na teangacha labhartha a leanas: Gaeilge, Ísiltírís agus Spáinnis. Tá 5,000 comharthóir bodhar le Teanga Comharthaíochta na hÉireann (ISL) agus san RA úsáideann 87,000 comharthóirí bodhra, Teanga Chomharthaíochta na Breataine (BSL). I Flanders sa Bheilg úsáideann timpeall 5,000 duine

Teanga Chomharthaíochta na Beilge (VGT); tá thart ar 13,000 comharthóir ag úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÍsiltíre (NGT). Meastar go bhfuil níos mó ná 100,000 comharthóir le Teanga Chomharthaíochta na Spáinne (LSE).

Trí chomhoibriú a dhéanamh le pobail bhodhair agus faoi allaire Eorapacha, míneoidh taighdeoirí cásanna úsáidí, déanfaidh siad comhdhearadh agus comhfhorbairt ar an seirbhís agus aip SignOn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal scaipeadh cothroim, neamhlaofa agus chuimsithigh d'eolas agus ábhar digiteach i sochaí na hEorpa.

Beidh níos mó i gceist leis an seirbhís cumarsáide SignOn ná ardchóras meaisínáistriúcháin. Sa chúlra, ionchorpróidh SignOn cumais sofaisticiúla meaisínfhoghlama a ligeann do dhaoine (1) teangacha nua comharthaíochta agus labhartha a fhoghlaim (ii) oiriúnú na stíle, réimse agus úsáideora agus (iii) ceartú earráidí uathoibríoch bunaithe ar aiseolas na húsáideora. Tabharfaidh SignOn comhráite comharthaíochta trí abhatár cruthanta, tógtha le teicneolaíochtaí léaráidí is déanaí, don úsáideoir.

Bainfidh an tionscadal feidhmiú ón seirbhís SignOn mar fheidhmchlár fóin chliste ag leanúint as gléasanna na linne seo, chun glacadh forleathan, brath agus sintéis níos fearr ar theanga chomharthaíochta, chomh maith le próiseáil urlabhra ilteangaigh do gach duine a áirithiú. Cé go bhfuil an aip dearadh mar chomhéadan éadrom-mheáchain, roinnfidh an chreatlach SignOn ar an néal, an áit ina ndéantar na diantascanna ríomhaireachtúla.




De réir Andy Way:



*“Nuair a thosaigh mé ag obair ar mheaisínáistriúchán do theanga chomharthaíochta 15 bliain ó shin, bhí an réimse an- bheag. I 2022 feicfidimid eagrán speisialta sa **Machine Translation Journal** dírithe ar an ábhar. Is rud iontach é an obair a fheiceáil faoi bhláth agus ISL mar theanga oifigiúil lánfheidhme. Tá áthas orm an tionscadal SignOn a chomhordú ina bhforbraítear aip oscailte atá saor in aisce, agus creatlach do chomhrá idir físeán (ag gabháil agus ag tuiscint teanga chomharthaíochta) agus aistriúchán fuaimne agus téacs idir theangacha labhartha agus chomharthaíochta.”*

Tosóidh an tionscadal SignOn ar an 01/01/2021 agus tá an cuibhreannas ag earcú réimse leathan de shaineolaithe sna réimsí Próiseáil Teanga Nádúrtha (NLP), Meaisínfhoghlaim (ML), Domhainfhoghlaim (DL), Teangeolaíocht Meaisínáistriúcháin (MT), léann bodhra, oideachas, grafaic 3D agus daoine eile a bheith mar bhall den fhoireann SignOn.

Le tuilleadh eolais féach ar ár suíomh gréasáin agus meáin shóisialta.

-  www.signon-project.eu
-  facebook.com/SignONEU/
-  twitter.com/SignONEU
-  SignON (EU project)



/instituut voor de Nederlandse taal/



Radboud Universiteit



This project has received funding from the European Union's Horizon 2020 Research and Innovation Programme under Grant Agreement No. 101017255.